Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025

# Scoileanna Caitliceacha: Beo i gCríost

## 19–25 Eanáir 2025

## An Chéadaoin: Saol Iomlán Beo i Measc na Muintire



**Réamhrá**
'Nuair a bhí Íosa ag fás aníos, is é an gaol a bhí aige leis an Athair ar neamh, ná go raibh sé mar mhac muirneach leis. Bhí dúil aige ann, bhí suim aige a mhisean siúd a chur i gcrích. "Nach raibh a fhios agaibh gur i dteach m'Athar nárbh fholáir dom bheith?" (Lúcás 2:49). Ná bígí ag ceapadh gur déagóir neamhpháirteach a bhí in Íosa, ná gur ógánach gafa go hiomlán leis féin a bhí ann. Níorbh ea. Chaith sé saol beo gníomhach i measc an teaghlaigh agus i measc na muintire.' (An Pápa Proinsias, *Christus Vivit*, 28)

**Gníomhaíochtaí Molta**

- Pléigh luachanna an tSoiscéil a léirítear i saol an teaghlaigh fhiúntaigh. Scríobh cuid de na focail thíosluaite ar an gclár ban agus iarr ar na daltaí sainmhíniú a thabhairt, nó scríobh síos an sainmhíniú agus iarr orthu aon ainmfhocal a chiallaítear a rá. Is féidir an obair chéanna a dhéanamh le Bileog Oibre 1 atá ar fáil thíos (lth. 4).
    - Umhlaíocht: Breathnú ar an mbeatha mar thíolacadh ó Dhia.
    - Comhbhá: Bheith tuisceanach i leith an duine eile.
    - Cineáltas: Bheith mín i ngníomhartha.
    - Ceartas: An cothrom is an ceart a lorg.
    - Maithiúnas: Athmhuintearas a dhéanamh leat féin agus leis an duine eile.
    - Ionracas: Bheith macánta agus cloí le d'fhocal.
    - Síocháin: Bheith tiomanta don tsíocháin a bhunú.
    - Crógacht: Seasamh a ghlacadh ar son na fírinne.

- Plé Idirghníomhach: Lig do na daltaí plé oscailte a dhéanamh maidir leis na tuairimí atá acu faoi na luachanna thuasluaite. Bain úsáid as ceisteanna ar nós 'Conas mar a léirítear na luachanna seo i do shaol féin?' agus 'Cén cás inar léirigh tusa ceann de na luachanna seo, nó go bhfaca tú é á chur bhfeidhm?'

- Rólimirt: Cruthaigh cásanna le go gcaithfidh na daltaí rogha a dhéanamh agus feidhmiú de réir luachanna an tsoiscéil. Mar shampla; bíonn easaontas ann le siblín maidir le cé a dhéanann an obair tí; cathain is ceart deireadh a chur le cluichíocht; cén uair is ceart an obair bhaile a dhéanamh 7rl.

- Bain úsáid as Bileog Oibre 2, ar fáil thíos (lth. 5).

- Bíodh seirbhís ghearr urnaí, nó tráth urnaí mar a luaitear thíos ann (lth. 3).

- Bain úsáid as an PowerPoint ar théama an teaghlaigh a théann leis an acmhainn seo.

# Tráth Urnaí

**Guí**
A Dhia Grámhar, cabhraigh linne tionchar dearfach a bheith againn ar an teaghlach. Ní bheidh an ceart á dhéanamh i gcónaí againn, agus tuigimid go dteipfidh ar bhaill eile an teaghlaigh ó am go ham, toisc nach daoine foirfe muid. Mar sin féin, cabhraigh linn a bheith praiticiúil, úsáideach sa bhaile, agus ár ndícheall a dhéanamh. Cabhraigh linn an urnaí a thabhairt isteach inár saol sa bhaile. Má theipeann orainn an méid sin a dhéanamh, bíodh deis againn guí ar son chách sa bhaile ar aon nós. Amen.

**Ceol Machnamhach**
Bíodh sos ciúin machnamhach ann, ansin seinn do rogha de na hamhráin seo.

'Bless the Corners of this House' le Skip Cleavinger agus University of Notre Dame Folk Choir:
https://open.spotify.com/track/6LJ7LcRdlvv3q0VlMzzVMb

'We Are Family' le Sister Sledge:
https://open.spotify.com/track/5IKLwqBQG6KU6MP2zP80Nu

'Family First' le Whitney Houston, Cissy Houston & Dianne Warwick agus a Muintir:
https://open.spotify.com/track/2NChfZivH8n3vXH1EZjyLU



# Bileog Oibre 1

Bí ag machnamh faoi na luachanna seo an tSoiscéil:

- Umhlaíocht: Breathnú ar an mbeatha mar thíolacadh ó Dhia.
- Comhbhá: Bheith tuisceanach i leith an duine eile.
- Cineáltas: Bheith mín i ngníomhartha.
- Ceartas: An cothrom is an ceart a lorg.
- Maithiúnas: Athmhuintearas a dhéanamh leat féin agus leis an duine eile.
- Ionracas: Bheith macánta agus cloí le d'fhocal.
- Síocháin: Bheith tiomanta don tsíocháin a bhunú.
- Crógacht: Seasamh a ghlacadh ar son na fírinne.

Maidir leis na luachanna seo, déan cur síos gearr ar an mbealach ina gcuirfeá i bhfeidhm sa bhaile iad.

1. Umhlaíocht:

_______________________________________________________________________________

2. Comhbhá:

_______________________________________________________________________________

3. Cineáltas:

_______________________________________________________________________________

4. Ceartas:

_______________________________________________________________________________

5. Maithiúnas:

_______________________________________________________________________________

6. Ionracas:

_______________________________________________________________________________

7. Síocháin:

_______________________________________________________________________________

8. Crógacht:

_______________________________________________________________________________

# Bileog Oibre 2

Léigh an scéal agus freagair na ceisteanna ansin.

Toisc go raibh mo chuid staidéir críochnaithe agam, bhí an t-am agam freastal ar chomhdháil dhá lá. Bhí orm íoc as an gcomhdháil, ach bhí an t-ádh liom duine a fháil le hurraíocht a dhéanamh air. Tugadh duine de mo mhuintir isteach san ospidéal, agus ní fhéadfainn freastal ar an gcomhdháil mar a tharla, toisc go raibh mé i láthair san ospidéal ar lá thosaithe na comhdhála. Chaill mé an urraíocht dá bharr, ach bhí orm íoc as an gcomhdháil mar sin féin.

Bhí m'aintín tar éis cabhair a lorg uaim lena CV toisc gur theastaigh uaithi cur isteach ar phost. Lean mé na treoracha a thug sí dom agus chuir mé an  CV críochnaithe ar aghaidh chuici. An oíche dár gcionn chuir sí glao orm ag rá go raibh orm cur isteach ar an bpost ar líne, agus an CV a chur ar aghaidh agus litir mhínithe leis. Bhí mise faoi dheifir amach ag an am, agus dúirt mé léi go mbeadh orm fanacht go dtí an lá dár gcionn leis an obair a dhéanamh, toisc nach raibh an spriocdháta gar dúinn. Ní raibh m'aintín ró-thógtha leis an smaoineamh sin, ach ghlac sí leis agus cuireadh deireadh leis an nglao.

Ansin, bhuail an smaoineamh mé, 'Dá mba mise ise ag iarraidh cur isteach ar an bpost chomh luath is a d'fhéadfaí é a dhéanamh, conas mar a mhothóinn sa chás seo?' Thuig mé mo dhearcadh féin go maith, toisc go raibh post á lorg agamsa ag an am céanna. Shocraigh mé ar gan dul amach go fóill, agus uair a chloig a chaitheamh ar an litir mhínithe a scríobh, agus an t-iarratas a chur ar aghaidh. Nuair a chuir mé glao uirthi le rá go raibh an jab déanta, bhí áthas an domhain uirthi, toisc gur cheap sí go raibh mé imithe liom roimhe sin. Bhí mé sásta go maith ag dul amach liom ansin toisc gur chuir mé mianta agus gá an duine eile sa chéad áit, seachas mé féin a shásamh.

Ní féidir Dia a shárú ó thaobh na flaithiúlachta de: cúpla lá ina dhiaidh sin bhronn m'aintín, an t-airgead a bhí curtha amú agam ar an gcomhdháil chaillte ar fáil dom, toisc go raibh sí buíoch as an gcabhair a thug mé di leis an CV.

Cúpla seachtain ina dhiaidh sin, d'éirigh le m'aintín an post a bhí á lorg aici a fháil.

(le Donata Ling, iris *Living City*, Nollaig 2013)

1. Cén ról dearfach atá ag an teaghlach sa scéal seo?

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________

2. Cén cás ina dtarlaíonn an fhlaithiúlacht i saol an teaghlaigh? Tabhair samplaí praiticiúla.

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________

3. Conas mar is féidir linn cur le rath an teaghlaigh?

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________